II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

CINNEADH (AE) 2023/1475 ÓN gCOMHAIRLE

an 15 Bealtaine 2023

maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus an Nua-Shéalainn, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht na Nua-Shéalainne i gcláir an Aontais

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 186 agus 212, i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le litir an 6 Nollaig 2021, léirigh an Nua-Shéalainn, a suim fhoirmiúil a bheith comhlachaithe le Fís Eorpach — an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2021-2027) a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) ('an Clár Fís Eorpach').

(2) An 9 Meán Fómhair 2022, de bhua Chinneadh (AE) 2022/1527 ([2]), d'údaraigh an Chomhairle tús a chur le caibidlíocht leis an Nua-Shéalainn, thar ceann an Aontais, le haghaidh Comhaontú maidir leis na prionsabail ghinearálta i dtaca le rannpháirtíocht na Nua-Shéalainne i gcláir an Aontais agus maidir le comhlachas na Nua-Shéalainne leis an gClár Fís Eorpach.

(3) Tugadh an chaibidlíocht chun críche agus cuireadh inisealacha leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus an Nua-Shéalainn, den pháirt eile ('an Comhaontú') an 22 Nollaig 2022.

(4) Is é cuspóir an Chomhaontaithe creat marthanach um chomhar a bhunú idir an tAontas agus an Nua-Shéalainn agus na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le rannpháirtíocht na Nua-Shéalainne i gcláir an Aontais a osclaítear dá rannpháirtíocht a leagan amach i gcomhréir leis na bunghníomhartha lena mbunaítear cláir an Aontais mar a sainmhínítear sa Chomhaontú. Faoin gComhaontú, cuirfidh an tAontas bearta comhair i gcrích leis an Nua-Shéalainn de bhun Airteagal 212 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. De bhun Airteagal 3 den Chomhaontú, tá na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le rannpháirtíocht na Nua-Shéalainne in aon chlár nó gníomhaíocht de chuid an Aontais faoi réir ghlacadh na bPrótacal a ghabhann leis an gComhaontú.

([1]) Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach — an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 1).

([2]) Cinneadh (AE) 2022/1527 ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2022 lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht leis an Nua-Shéalainn le haghaidh Comhaontú maidir leis na prionsabail ghinearálta lena rialaítear rannpháirtíocht na Nua-Shéalainne i gcláir an Aontais agus maidir le comhlachas na Nua-Shéalainne le Fís Eorpach — an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2021-2027) (IO L 237, 14.9.2022, lch. 18).

(5) I gcomhréir leis an údarú ón gComhairle, rinneadh an Prótacal maidir le comhlachas na Nua-Shéalainne le Fís Eorpach — an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2021-2027) a chaibidliú i gcomhthreo leis an gComhaontú agus, de bhun Airteagal 15(9) den Chomhaontú, is cuid dhílis den Chomhaontú é. Tá an Nua-Shéalainn le páirt a ghlacadh i gColún II den Chlár Fís Eorpach agus le rannchuidiú leis an gcolún sin.

(6) Comhlíonann an Nua-Shéalainn na critéir a leagtar amach in Airteagal 16(1), pointe (d), de Rialachán (AE) 2021/695.

(7) Tá an Comhaontú i gcomhréir le hAirteagal 16(2) de Rialachán (AE) 2021/695, lena gceanglaítear go mbeidh comhlachas ó gach ceann de na tríú tíortha leis an gClár Fís Eorpach faoi Airteagal 16(1), pointe (d), den Rialachán sin i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos i gcomhaontú lena gcumhdaítear rannpháirtíocht na tíre nó na críche sin in aon chlár de chuid an Aontais, ar choinníoll go ndéanfar leis an gcomhaontú an méid seo a leanas: cothromaíocht chóir a mhéid a bhaineann le ranníocaíochtaí agus sochair an tríú tír atá rannpháirteach sna cláir de chuid an Aontais a áirithiú; na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht sna cláir Aontais, lena n-áirítear ríomh na ranníocaíochtaí airgeadais le cláir aonair, agus costais riaracháin na gclár, a leagan síos; gan aon chumhacht cinnteoireachta a thabhairt don tríú tír i dtaca le clár an Aontais; agus cearta an Aontais a ráthú chun bainistíocht fhónta airgeadais a áirithiú agus chun a leasanna airgeadais a chosaint.

(8) Ba cheart an Comhaontú a shíniú thar ceann an Aontais, faoi réir a thabhairt i gcrích tráth níos déanaí.

(9) D'fhonn comhar tráthúil idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn i réimse an taighde, na forbartha teicneolaíochta agus na nuálaíochta a áirithiú, agus d'fhonn rannpháirtíocht thráthúil eintitis na Nua-Shéalainne sa Chlár Fís Eorpach a chur san áireamh ba cheart an Comhaontú a chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach, go dtí go gcomhlánófar na nósanna imeachta is gá chun go dtiocfaidh sé i bhfeidhm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, údaraítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus an Nua-Shéalainn, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht na Nua-Shéalainne i gcláir an Aontais ('an Comhaontú') a shíniú thar ceann an Aontais, faoi réir an comhaontú sin a thabhairt i gcrích ([3]).

Airteagal 2

Leis seo, údaraítear d'Uachtarán na Comhairle an duine (na daoine) a ainmniú a mbeidh sé de chumhacht aige/acu an Comhaontú a shíniú, thar ceann an Aontais.

Airteagal 3

Cuirfear an Comhaontú i bhfeidhm ar bhonn sealadach, i gcomhréir le hAirteagal 15(2) de, go dtí go gcomhlánófar na nósanna imeachta is gá chun go dtiocfaidh sé i bhfeidhm.

Airteagal 4

Tabharfaidh Uachtarán na Comhairle, thar ceann an Aontais, an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 15(2) den Chomhaontú.

Airteagal 5

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

([3]) Féach leathanach 4 den Iris Oifigiúil.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Bealtaine 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. FORSSMED